An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**
Commission for
**Communications Regulation**



# An bhfuil do chuid gutháin agus leathanbhanda réidh do dhrochaimsir?

## Leideanna chun cabhrú leat fanacht ceangailte le linn drochaimsire



ComReg.ie

# Cé hé ComReg?

## Is é ComReg an t-ainm gearr a thugtar ar an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide.

- Foras neamhspleách poiblí muid a bhfuil cumhachtaí reachtúla againn
- Cosnaímid tomhaltóirí agus soláthraímid comhairle agus faisnéis neamhspleách agus neamhchlaonta

Déanann ComReg rialú ar:

- An earnáil chumarsáide, lena n-áirítear teileafón, leathanbhanda agus
- Seirbhísí poist amhail An Post



Tuilleadh eolais ó **comreg.ie**



# Treoir maidir le fanacht ceangailte le linn drochaimsire

Is féidir le drochaimsir, go háirithe stoirmeacha le gaotha láidre agus báisteach throm, cur isteach ar chumarsáid laethúil ar nós seirbhísí teileafóin agus idirlín. Mínítear sa treoir seo roinnt leideanna maidir leis an gcaoi le bheith réidh le haghaidh drochaimsire, céard atá le déanamh agus é ag tarlú, agus roinnt céimeanna le glacadh ina dhiaidh sin chun cabhrú leat fanacht ceangailte.

Tá ról ríthábhachtach ag seirbhísí cumarsáide ar nós d'fhón póca, d'fhón baile agus do leathanbhanda le linn éigeandálaí – chun cabhair a iarraidh, chun nuashonruithe aimsire a sheiceáil agus chun fanacht i dteagmháil le teaghlaigh agus le cairde. Leagtar béim sa treoir seo ar na gníomhaíochtaí is féidir leat a dhéanamh chun an cur isteach a íoslaghdú má bhíonn deacrachtaí ar na líonraí.

# Réiteach do dhrochaimsire

## Ullmhaigh do chuid gléasanna

- Luchtaigh fóin, táibléid, ríomhairí glúine agus bainc chumhachta fón póca go hiomlán.
- Coinnigh do ghléasanna cothrom le dáta. Tá an seans ann go bhfaighidh gléasanna ar féidir leo ceangal le níos mó ná cineál líonra amháin, mar shampla 2G, 3G, 4G agus 5G, seirbhís ar ais níos sciobtha.
- Faigh creidmheas breise ar fhóin réamhíoctha.

## Chúltaca nascachta

- Smaoinigh ar ghléas cúltaca ceallraí chun gléasanna cumarsáide tábhachtacha a choinneáil ag obair i gcás gearradh leictreachais sa bhaile.
- Bíodh raidió casta nó raidió le ceallraí agat chun éisteacht leis an nuacht is deireanaí má theipeann ar do sheirbhís leathanbhanda nó soghluaiste.
- Ligeann painéil ghréine le lasc ceallraí agus athraithe do theach a rith ar chumhacht ceallraí gréine in ionad an phríomhghreille.

## Pleanáil do theagmhálaithe

- Breac síos uimhreacha tábhachtacha (an teaghlach, cúramóirí, comharsana, an dochtúir teaghlaigh), i gcás go ritheann do ghléas as cumhacht.
- Cruthaigh teagmhálaithe éigeandála agus Aitheantas Sláinte ar d'fhón póca. D'fhéadfadh go mbeadh d'ainm, do riachtanais leighis agus cé leis ar cheart teagmháil a dhéanamh i gcás éigeandála san áireamh anseo.

## An clár riachtanas speisialta

- Cláraigh aon riachtanais bhreise le do sholáthraí. Is féidir leo tacú le custaiméirí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais bhreise acu, agus féadfaidh siad seirbhísí tiomnaithe a thairiscint do chustaiméirí scothaosta.

# Céard is ceart a dhéanamh le linn drochaimsire

I gcás go bhfuil do líonra móibíleach as feidhm

- Úsáid glaonna Wi-Fi chun glaonna agus téacsanna a sheoladh ar do leathanbhanda baile, más ann dóibh ó do sholáthraí.
- Is féidir le feidhmchláir cosúil le WhatsApp, Messenger nó FaceTime cur ar do chumas glaonna a dhéanamh ag baint úsáide as do leathanbhanda baile.

I gcás go bhfuil do leathanbhanda baile as feidhm

- You may be able to use your mobile phone's data to create a hotspot, or connect a device like a tablet or computer to your phone using a cable to access the internet.

## Caomhnaigh ceallra do ghléasanna

- Úsáid modh ísealchumhachta agus modh ísealsonraí.
- Úsáid modh eitleáin nuair nach gá duit glaonna a dhéanamh nó a fháil nó sonraí móibíleacha a úsáid.
- Múch Bluetooth agus Wi-Fi mura bhfuil siad in úsáid agat.
- Ísligh do ghile scáileáin.
- Múch nuashonruithe uathoibríocha ar an bhfeidhmchláir.
- Dún na feidhmchláir nach bhfuil in úsáid agat.



## Cosain do chuid gléasanna

- Úsáid teorantóir borrtha le haghaidh ródairí, móideimí, línte talún, teilifíseáin agus ríomhairí, chun an seans damáiste a laghdú má tharlaíonn tintreach.

## Úsáid d’fheithicil mar fhoinse cumhachta

- Tá poirt USB nó soicéid chumhachta ag go leor carranna. Leis an gcábla ceart, is féidir leat d’fhón nó do ghléasanna eile a luchtú má tá cumhacht caillte i do theach.

## Seirbhísí éigeandála

- I gcás go bhfuil do líonra móibíleach as feidhm, is féidir le d’fhón aon líonra atá ar fáil a úsáid chun glaoch ar 112 nó 999.
- Ligeann “Glaonna Éigeandála Amháin” ar do scáileán duit glaoch ar 112 nó 999.
- Is féidir le roinnt fóin nua teagmháil a dhéanamh le seirbhísí éigeandála trí shatailít a úsáid nuair nach bhfuil aon líonra ar fáil (taobh amuigh).
- Is féidir le custaiméirí soghluaiste réamhíoctha glaoch ar sheirbhísí éigeandála fiú gan aon chreidmheas.
- Má tá tú bodhar, má tá lagú éisteachta ort nó má tá deacrachtaí cainte agat, is féidir leat an tSeirbhís Téacs Éigeandála nó an Téacs Fíor-ama (RTT) a úsáid chun glaoch ar na seirbhísí éigeandála. Déan teagmháil le do sholáthraí seirbhíse chun sonraí a fháil faoin gcaoi le hé a úsáid.

# I ndiaidh drochaimsire

## Seiceáil stádas na seirbhíse

- Faigh uasdátuithe ó do sholáthraí maidir le gearrthaí agus amanna athdheisithe.

## Tuairiscigh fadhbanna

- Mura bhfuil seirbhís agat go fóill, déan an gearradh a thuairisciú do do sholáthraí.
- Inis dóibh má tá riachtanais bhreise agat nó má tá tú ag brath ar an tseirbhís mar gheall ar mhíchumas nó leochaileacht.
- Má mhaireann an gearradh ar feadh tréimhse fhada, fiafraigh faoi roghanna malartacha sealadacha, cosúil le leathanbhanda soghluaiste má tá do leathanbhanda fosaithe múchta.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh foireann ComReg um Chúram Tomhaltóirí in ann cabhrú le saincheisteanna a bheadh práinneach nó nach bhfuil réitithe.

## Aisíocaíochtaí agus creidmheasanna

- I roinnt cásanna drochaimsire, féadfaidh soláthraithe creidmheasanna nó aisíocaíochtaí a eisiúint as caillteanas seirbhíse fada. Seiceáil do théarmaí conartha le haghaidh aon eolais faoi chaillteanas seirbhíse, agus déan teagmháil le do sholáthraí.



# Déan teagmháil linn chun comhairle agus tacaíocht a fháil

### An Fhoireann um Chúram Tomhaltóirí

| | |
|---|---|
| **Fón:** | (01) 804 9668<br>Luan go hAoine: 8r.n. go 8i.n.<br>Satharn: 9r.n. go 1i.n. |
| **Ríomhphost:** | consumerline@comreg.ie |
| **Téacs:** | COMREG nó ASKCOMREG chuig 51500 chun glaoch nó téacs a fháil (gnáthrátaí SMS i bhfeidhm) |
| **Sa Phost:** | An Fhoireann um Chúram Tomhaltóirí, ComReg, One Dockland Central, Sráid an Chumainn, D01 E4X0 |
| **Comhrá Gréasáin agus Foirm ar Líne:** | comreg.ie |

### Oifigeach rochtana

| | |
|---|---|
| **Fón:** | (01) 804 9639 |
| **Ríomhphost:** | access@comreg.ie |
| **Sa Phost:** | Mar atá thuas, d'aird an Oifigigh Rochtana |

## ITRS (Seirbhís Athsheachadta Téacs na hÉireann)

Cinntíonn ITRS gur féidir le daoine atá bodhar, faoi allaíre nó a bhfuil deacrachtaí labhartha acu glaonna a chur agus a fháil go neamhspleách. Déanann an tseirbhís téacs a aistriú mar ghuth agus guth a aistriú mar théacs. Déantar na glaonna seo a sheachadadh trí ghníomhaire de chuid ITRS a dhéanann an téacs a athsheachadadh.

Tá an tseirbhís ar fáil trí ghutháin mhóibíleacha, trí thaibléid agus le ríomhairí. Is é Eir a fheidhmíonn seirbhís ITRS agus tá sé ar fáil do chustaiméirí Three, Eir, Sky, Tesco Mobile, Virgin Media agus Vodafone.

Tuilleadh eolais ó itrs.ie.

Sonraí príobháideachais: Mínítear inár bhFógra Príobháideachais na sonraí pearsanta a bhailíonn agus a úsáideann muid faoi dhaoine aonair, a ndéanann muid leis, agus an chúis a ndéanann muid é. Breathnaigh ar ár bhfógra príobháideachais ag comreg.ie/privacy

Séanadh dlíthiúil: Cé gur ghlac ComReg gach cúram réasúnta agus an cháipéis seo á hullmhú, níl sé freagrach as aon rud a dhéanfaidh tusa bunaithe ar an eolas atá inti. Ní ghlacann ComReg le haon dliteanas ina leith seo. Is tusa amháin atá freagrach as gach a ndéanann tú maidir le do chuid seirbhísí cumarsáide, príomhráta agus poist.

**Foras dlíthiúil neamhspleách is ea an Coimsiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) a dhéanann rialáil ar an earnáil cumarsáide leictreonaí (teileachumarsáid, cumarsáid raidió, tarchur craoltóireachta agus seirbhísí príomhráta) agus ar an earnáil seirbhísí poist in Éirinn.**

FSC www.fsc.org 100% From well-managed forests

202603 Version 1.0